| | The following sentences show how to report back what someone said they do (regular verbs in the present tense). | |
|---|---|---|
| 1. | Ólaim cupán caife gach lá. | I drink a cup of coffee every day. |
| 2. | Dúirt sé go n-ólann sé cupán caife gach lá. | He said that he drinks a cup of coffee every day. |
| 3. | Ní ithim feoil riamh. | I never eat meat. |
| 4. | Dúirt sí nach n-itheann sí feoil riamh. | She said that she never eats meat. |
| 5. | Ceannaím cóta nua gach bliain. | I buy a new coat every year. |
| 6. | Dúirt sí go gceannaíonn sí cóta nua gach bliain. | She said that she buys a new coat every year. |

| | The following sentences show how to report back what someone said they did (regular verbs in the past tense). | |
|---|---|---|
| 7. | D'ól mé cupán caife ar maidin. | I drank a cup of coffee in the morning. |
| 8. | Dúirt sé gur ól sé cupán caife ar maidin. | He said he drank a cup of coffee in the morning. |
| 9. | Níor ith mé feoil ar bith. | I didn't eat any meat. |
| 10. | Dúirt sí nár ith sí feoil ar bith. | She said that she did not eat any meat. |
| 11. | Cheannaigh mé cóta nua anuraidh. | I bought a new coat last year. |
| 12. | Dúirt sí gur cheannaigh sí cóta nua anuraidh. | She said that she bought a new coat last year. |

| | The following sentences show how to report back what someone said when a form of **tá** was used. | |
|---|---|---|
| 13. | Tá tuirse orm. | I'm tired. |
| 14. | Dúirt sé go bhfuil tuirse air. | He said that he's tired. |
| 15. | Níl ocras orm anois. | I'm not hungry now. |
| 16. | Dúirt sí nach bhfuil ocras uirthi anois. | She said she isn't hungry now. |
| 17. | Bhí mé i mo chodladh go dtí a deich a chlog. | I was asleep until ten o'clock. |
| 18. | Dúirt sí go raibh sí ina codladh go dtí a deich. | She said she was asleep until ten. |
| 19. | Ní raibh duine ar bith sa seomra. | There wasn't any one in the room. |
| 20. | Dúirt mé nach raibh duine ar bith sa seomra. | I said there wasn't any one in the room. |

| | The following sentences show how to report back what someone said with some irregular verbs. | |
|---|---|---|
| 21. | Fuair mé litir ó mo chara inné. | I got a letter from my friend yesterday. |
| 22. | Dúirt sé go bhfuair sé litir óna chara inné. | He said he got a letter from his friend yesterday. |
| 23. | Chuaigh mé abhaile go luath. | I went home early. |
| 24. | Dúirt sí go ndeachaigh sí abhaile go luath. | She said she went home early. |
| 25. | Rinne mé brioscaí duit. | I made cookies for you. |
| 26. | Dúirt sí go ndearna sí brioscaí dom. | She said she made cookies for me. |
| 27. | Ní dhearna mé faic inniu. | I didn't do anything today. |
| 28. | Dúirt sé nach ndearna sé faic inniu. | He said he didn't do anything today. |

| | The following sentences show how to report back what someone said when a form of **is** is used. | |
|---|---|---|
| 29. | Is cuma liom. | I don't care. |
| 30. | Dúirt sé gur cuma leis. | He said he doesn't care. |
| 31. | Ní maith liom iasc. | I don't like fish. |
| 32. | Dúirt sí nach maith léi iasc. | She said she doesn't like fish. |
| 33. | Is breá liom seacláid. | I love chocolate. |
| 34. | Dúirt sí gur breá léi seacláid. | She said she loves chocolate. |
| 35. | Ba mhaith liom gloine uisce. | I'd like a glass of water. |
| 36. | Dúirt sé gur mhaith leis gloine uisce. | He said he'd like a glass of water. |
| 37. | Níor mhaith liom bainne anois. | I wouldn't like milk now. |
| 38. | Dúirt sí nár mhaith léi bainne anois. | She said she would not like milk now. |

**Ceacht a Naoi Déag** | **Pictiúir Éagsúla III** 
**Lesson Nineteen** | **Assorted Pictures III** 

| | | |
|---|---|---|
| 1. |  | a. Cad é seo?<br>b. An bhfuil ceann agat féin?<br>c. Cá bhfuair tú é?<br>d. Cé mhéad a bhí air?<br>e. Cad a dhéanann tú leis? |
| 2. |  | a. Cad atá sa phictiúr seo?<br>b. Cá bhfaigheann tú é?<br>c. Cad a dhéantar leis?<br>d. Cad as a thagann sé?<br>e. Cad a dhéantar as? |
| 3. |  | a. Cad atá sa phictiúr ar chlé?<br>b. An maith leat iad?<br>c. An bhfuil ceann agat?<br>d. Cad is ainm dó?<br>e. Cad a itheann sé? |
| 4. |  | a. Cén saghas rud é seo?<br>b. Cad a dhéantar leis?<br>c. An bhfuil ceann sa seomra seo?<br>d. An bhfuil ceann agat sa bhaile?<br>e. An úsáideann tú go minic é? |
| 5. |  | a. Cén tír atá sa phictiúr seo?<br>b. An raibh tú inti riamh?<br>c. Cén teanga a labhraítear inti?<br>d. An bhfuil Gaeilge ag muintir na tíre seo?<br>e. Cén bhliain ina bunaíodh í? |
| 6. |  | a. Cad atá ar siúl sa phictiúr seo?<br>b. An ndéanann tú féin amhlaidh go minic?<br>c. Cad iad na cluichí nó spóirt is fearr leat?<br>d. An fearr leat bheith istigh nó amuigh i rith an lae?<br>e. Cén saghas aimsire is fearr leat? |